

Féach orm, a fhir na laoidhe

[McKenna, L. *Iomarbhágh na bhFileadh* (Irish Texts Society, vols 20, 21, 1918); poem 22]

Fearfeasa Ó an Cháinte cct.

1 Féach orm a fhir na laoidhe
fogus duit díol t'fhár-aoire
tig nimh gach chatha ré chois
ní racha libh ar labhrais.

2 Faiceam thú tar do láthair
sgaoil do bholg fhis iongnáthraig
tír it fhuibhdhidh ná tréig do theas
séid fa fhuighlibh na n-éigeas.

3 Labhair ní éigin uait féin
a linntibh íochtair th'aigéin
ar chreich ar chomha nó ar chath
gan a chora i leith Lughdhach.

4 Bréagnuigh do bhriathraibh doimhne
síorruigheacht ar sochair-ne
gach ní as a dtigtir lét thoil
's ní as na litribh do láthair.

5 Muna bhfuil ughdar agaibh
réit urlabhra n-anabaigh
buain dá hoil is diombhail duit
ní fhoil ionnaibh acht óinmhíd.

6 Ar fhuighlis dá n-admha sibh
má tá sé d'acfuinn ionnaibh
chruaidh th-eagna adhain do ghoimh
tabhair fhreagra ar mo fhriotail.

7 Créad fár aorais gan fhátha
an file áith iongnátha
fan roinn chéillidh do chruthadh
fa chloinn Éibhir d'ardachadh.

8 Níorbh fhatha imdheargtha dhaoibh
ar labhair sé ar chloinn Chonmhaoil
'sé ré chighsiom ar Chró nAirt
mó ar dhlighseam ná a ndubhaint.

9 Atáid litre ó lámhaibh naomh
atáid laoidhthe luach ro-dhaor

mar fhiadhna leath ar leath lais
agus diamhra sreath seanchais.

10 Le bréig dá mbréagnughthe sinn
deacraide aithcheo m'fhuighill
do chiú na rolla 's an roinn
aniú io-morra gan mear-bhall.

11 Ós aniú as ísle a dtionól
clann Chonmhaoil clann Éireamhóin
aniú féin féaghthar na fir
léaghthar gach céim dá gcéimibh.

12 A fhir dhealbhtha an dréachta bhuig
do Thadhg fós niat fear comhraig
mairg dot shamhail do shir cath
is nach faghair sibh seasmhach.

13 Ní hionann is th'oige féin
gé thug tú ar Thadhg toibhéim
ra ghréas laoidhe ar ar luigh san
ní fhuil maoile ná mearbhal.

14 Ní fhuil aoin-tslighe ndiamhair
air san éigse il-rianaigh
sé na rómh-oide is na shruth
córaide gan é d'ionnlach.

15 Fán bhfreagra nár thaithin ruinn
ní thiubhradh aoin-neach againn
le fuath ná le foiléim goimh
toibhéim ar luach do Lughaidh.

16 Dá mbeimís gan bheith láin-dil
ní léamhthaoi a los iomcháinidh
fa labhairt re cineadh Chuinn
adhaint an fhileadh eadruinn.

17 D'iarraidh anma nach ainm duit
do ghluais tusa toisg aimh-ghlic
d'fhior th'oige gér leasg labhra
i measg n-oide n-ealadhna.

18 Mar dhearbhadh bhffhorbhtha ar a bfios
dá ndearndaois oididh aignios
clú aighnis do chreic i gcéin
ar ainbhis deit na dhéidh-séin.

19 Níor chóir do thoghadh re Tadhg

acht fear gabhtha grádh ro-ard
tar doirr troide ná tairche
ni cuing oide iomairche.

20 Béasgnadha tuinighthe Taidhg
ná gluaisidh trá dá dtiomairg
cuimilt riú mar mhairneas mé
ní fiú th'aighneas ná th'éigse.

21 Dá ndearná aighneas gan aoir
ní taирgfidhe do thathaoir
le buain d'fhoirm aighnis gan aird
do thairngis oirbh an iomairg.

22 Do ghéabhthair sonn seasamh rut
i gceardaibh fis na bhfealmac
reacaim ruibh gomadh searbh sionn
do dhealbh ge cuin do chíchsiom.

23 Am fealmac-sa trá do Thadhg
géabhad orsain don iomarg
mar tharraing gidh tais domh-sa
gabhair re hais th'orrach-sa.

24 I ndoimhneas seanchais na sean
i n-iomarbháigh na n-éigseadh
ná ins na sochraibh thuaidh is theas
ba suail um fhochraibh th'aighneas.

25 Dá dhearbhadh nach abaidh taoi
's nach fuli tú acht it fhás aon-laoi
ciall t'oibre níor earmais neach
ní dhearnais t'oigdhe d'inneach.

26 Féach gur suidhigheadh sonn na
cath nach claoifidís céadtha
teacht ar cheann t'fhoilighthe inn
do b'fhearr oilithre a hÉirinn.

27 Dul na gcinnsioll níor chóir deit
raoin uaigneacha an iúil deireit
léig do na saoidhibh a súr
ná séid aoibhil gan fhadúdh.

28 Bíodh gurb ionmhuin leat Lughaidh
ná gabh ort feidhm ndochumhail
dá thairsin ná cuir do chois
i muir aibhsigh an iomuis.

29 Bí mithis i measg sgoile
idir an aos eagnuidhe
deilbh oige ní hobair dhuit
lodair go t-oide a fhoclúic.

30 Re bréagnughadh na mbalg bhfis
a bhfuil uaibh i n-ainm oidis
d'éis ar luaidhsead a los truim
a bhfos fuairsead a bhfoghlúim.

31 Níor cheanglais críoch do chomhráidh
ní fhuil feidhm ar th'iomarbhaigh
dom fhreagra trá na toirche
a-tá th'eagna neamh-fhoirfe. FÉACH ORM.